# Scéal, Scéal, Scéal...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

**07 Samhain 2022** || Eagrán 121

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga...


**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá teachtaireachtaí nó scéalta tábhachtacha agaibh le scaipeadh, ná bíodh drogall ar bith oraibh teagmháil a dhéanamh linn: optchoisfharraige@gmail.com Cuireann muid fáilte 's fiche roimh scríbhneoirí an cheantair freisin má tá píosa agaibh le foilsiú - alt faisnéise, filíocht, nuaíocht nó fógra. Fáilte roimh chách! Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo.**





# ÉIGSE JOE STEVE

Ní fada anois go gcuirfear tús le Éigse Joe Steve - ceiliúradh ar shaol agus saothar Joe Steve Uí Neachtain, atá eagraithe ag Comharchumann Shailearna Teo agus Coiste Eagraithe Éigse Joe Steve. Is iomaí tacaíochta atá faighte ag an gceiliúradh ó eagraíochtaí áitiúla - Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga, Ealaín na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge, TG4, RTÉ Raidió na Gaeltachta agus Tigh Standún san áireamh. Bhí sé beartaithe go mbeadh Éigse Joe Steve ar siúl níos luaithe sa bhliain, ach glacadh cinneadh an ceiliúadh a chur siar ag an am, le cloí le treoirlínte sláinte poiblí a bhí i bhfeidhm ag an am. Cuirfear tús leis an Éigse ar an 18ú Samhain agus mairfidh sé go dtí 20ú Samhain. Tá réimse leathan ócáidí agus imeachtaí ar siúl. Is féidir ticéad a fháil ag Oifig an Chomharchumainn nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an ofig ar 091399199 Gearrfar costas €10 ar dhuine fásta agus €5 ar ghasúr/scoláire. Caithigí súil ar an sceideal anseo thíos...




**Ticéid 'Seó Beo Joe' Dé Sathairn & Dé Domhnaigh**
Ticéid ar fáil in oifig an Chomharchumainn
Déan teagmháil linn:
Guthán: 091 399199 Ríomhphost: sailearna@gmail.com
Costas: Daoine Fásta €10; Gasúir/Scoláirí: €5

Eagraithe ag
**Comharchumann Shailearna Teoranta**
agus **Coiste eagraithe Éigse Joe Steve**

*Sonraí Teagmhála:*
Comharchumann Shailearna 091 399199
*Rphost:* sailearna@gmail.com;
*Suíomh idirlín:* www.cst.ie
*Facebook:* Comharchumann Shailearna

# Dé hAoine, 18 Samhain

7.00 i.n. Seoladh an leabhair *Oiread Áiméan*
le Joe Steve Ó Neachtain
Seanscoil Shailearna



8.00 i.n. **Seoladh Oifigiúil Éigse Joe Steve ag Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUigínn**



Leacht cuimhneacháin in onóir Joe á nochtadh sa tSeanscoil ag an Uachtarán

Bronnadh ar an Uachtarán ón gCoiste Eagraithe

8.30 i.n. Mír cheoil as an gciogal '**Fad Saoil**' — dánta le Joe Steve Ó Neachtain, curtha i láthair sa tSeanscoil ag Johnny Óg Connolly agus cairde



9.15 i.n. Sóláistí

10.30 i.n. Seisiún Tigh Mholly

# Dé Sathairn, 19 Samhain

12–2 i.n. **'Preab san Aer'** – preabléirithe gan choinne *am éigin idir 12.00-2.00i.n.* Tigh Mháirtín Uí Dhomhnaill/Centra/Texaco, an Spidéal, sa siopa Scéal Eile (trasna ó shéipéal an Chnoic) agus Caifé Pota ar an Tulaigh







2–3 i.n. **Cuairt ar Áras Chois Fharraige**
(ceol & lúibíní)



2-5 i.n. **Ceardlann scríbhneoireachta**
sa tSeanscoil (tuilleadh eolais ó Chló Iar-Chonnacht — www.cic.ie/091-593307)

8–10 i.n. **Seó Beo Joe** sa tSeanscoil
(Eolas ar thicéid ar chúl)
— míreanna stáitse as saothar Joe Steve idir sceitseanna, radharcanna as drámaí, agallaimh bheirte, lúibíní agus dánta.

10.30 i.n. **Seisiún** Tigh Mholly



# Dé Domhnaigh, 20 Samhain

| | |
|---|---|
| 12 i.n. | **Cuairt ar uaigh Joe Steve** i Reilig an Chnoic |
| 1–2.30 i.n. | **Ócáid Filíochta** Tigh Mholly (le sóláistí) |
| 8–10 i.n. | **Seó Beo Joe** sa tSeanscoil (Eolas ar thicéid ar chúl) |



# GAEILGE AR AN TEALLACH

Sheol Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga leabhrán nua le gairid, dírithe ar thuismitheoirí atá ag iarraidh cur lena gcuid Gaeilge agus níos mó Gaeilge a úsáid ag abaile. 'Sí Nóra Seoighe a réitigh an t-ábhar don leabhrán - tá Nóra ag múineadh leis an bhFóram le tamall anois, ag díriú go sonrach ar thuismitheoirí. Díríonn an leabhrán ar théamaí agus gnéithe éagsúla de shaol laethúil an teaghlaigh - na míonna, na laethanta, na huimhreacha chomh maith leis an gclann, an aimsir agus an scoil. Cuirtear na téarmaí Gaeilge, chomh maith leis an aistriúchán Béarla ar fáil sa leabhrán. Chomh maith le sin, má leantar an cód QR taobh istigh den leabhar, tabharfar chuig suíomh idirlín An Fhóraim chugat áit gur féidir éisteacht le taifeadadh fuaime d'ábhar an leabhráin. Is féidir cóip den leabhrán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le hOifig na Pleanála Teanga ag 083 010 6294 nó optchoisfharraige@gmail.com






# RANGANNA GAEILGE

do dhaoine fásta

**Ranganna Gaeilge do:**
**Meán Tosaitheoirí**

(Irish Classes for Beginners Level 2)

**Dé Máirt 8 Samhain**

**Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V)**

(cúrsa 4 seachtaine a bheas ann)



Moltar clárú roimh ré ag
**optchoisfharraige@gmail.com**
(register early to avoid disappointment)

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

# DUAISEANNA AN OIREACHTAIS AG TEACHT ABHAILE GO COIS FHARRAIGE

D'éirigh go hiontach ar fad le hiomaitheoirí Chois Fharraige ag Oireachtas na Samhna, le ceathracha buaiteoirí áitiúla i mbliana. Ba léir go raibh obair na gcapall déanta ag amhránaithe, damhsóirí, aisteoirí agus ceoltóirí Chois Fharraige agus iad ag réiteach le haghaidh comórtais na bliana seo. Is mór an údáir bróid gur éirigh chomh maith sin le hiomaitheoirí Chois Fharraige, le ceathracha duaiseanna tagtha abhaile le cúpla lá anuas. Ba mhaith linn comhghairdeachas mór millteach a dhéanamh leis na buaiteoirí uilig! Treise libh a chairde!
Seo thíos liosta de na buaiteoirí:

Luke Ó Tuairisg ó Scoil Sailearna, Amhranaíocht ar an Sean-Nós (A) Dara hÁit
Laoise Ní Neachtain (An Chré Dhubh), Amhránaíocht ar an Sean-Nós (B), Dara hÁit
Ada Ní Thuairisg, Scoil Sailearna, Amhránaíocht ar an Sean-Nós, Tríú hÁit
Clíodhna Ní Neachtain, An Chré Dhubh, Amhránaíocht ar an Sean-Nós (C), Céad Ait
Neasa Nic Dhonncha, Ros an Mhíl, Amhránaíocht ar an Sean-Nós (G), Céad Áit
Róisín Ní Raifeartaigh, An Teach Mór, Amhránaíocht ar an Sean-Nós (G), Dara hÁit
Damhnait Ní Fhátharta, Na hAille, Amhránaíocht ar an Sean-Nós (G), Tríú hÁit
Síofra Ní Fhlatharta, Scoil Sailearna, Aithriseoireacht (A), Céad Áit
Katie Ní Chéide, Cnoc Aduaidh, Aithriseoireacht (A), Dara hÁit
Laoise Nic Einrí, Scoil Sailearna, Aithriseoireacht (B), Dara hÁit

Éle Nic Conaill, Scoil Sailearna, Aithriseoireacht (B), Tríú hÁit

Méimí Ní Thuathail, Scoil Sailearna, Aithriseoireacht (C), Tríú hÁit

Saoirse Ní Neachtain, An Chré Dhubh, Scéalaíocht (A), Céad Áit

Máirín Mhic Lochlainn, Baile na mBrabhach, Dreas Cainte, Céad Áit

Maitiú Ó Coimín, Na hAille, Dreas Cainte, Tríú hÁit

Ruairí Mac Con an Iomaire & Máirín Nic Con Iomaire, Ros an Mhíl, Agallamh Beirte, Céad Áit

Fearghas Mac Lochlainn & Anna Nic Lochlainn, Radharc na Rún
Agallamh Beirte, Dara hÁit

Páid Ó Neachtain, Bróna Ní Uallacháin, Aisling Ní Neachtain
An Chré Dhubh, Sceitse, Dara hÁit

‘An Chéad Chorróig Eile’, Cois Fharraige, Sceitse, Tríú hÁit

Liadan Canny & Bróna Ní Cheallacháin, Na hAille, Lúibíní, Dara hÁit

Fearghas Mac Lochlainn, Radharc na Rún, Amhrán Nua-Chumtha, Tríú hÁit

Páid Ó Neachtain, An Chré Dhubh, Amhránaíocht 35+, Tríú hÁit

Bróna Ní Cheallacháin, An Chré Dhubh, Amhránaíocht <35, Céad Áit

Yvonne Ní Loideáin, Púirín, Sean-Nós na mBan, Dara hÁit

Domhnall Ó Braonáin, An Teach Mór, Sean-Nós na bhFear, Céad Áit

Róisín Elsafty, Cor na Rón, Corn Uí Riada,
Dara hÁit




Tadhg Ó Neachtain, Baile na hAbhann, Scéalaíocht (B), Céad Áit
Seán Óg Ó Fátharta, An Chloich Mhóir, Scéalaíocht (D), Dara hÁit
Laoise Ní Neachtain & Saoirse Nic Con Iomaire, Scoil Sailearna Agallamh Beirte (A), Céad Áit
Pádraig Ó Coisdealbha & Ultán Mac Conaill, Scoil Sailearna, Agallamh Beirte (B), Céad Áit
Ciara Ní Chualáin & Maia Ní Thuairisg, Scoil Sailearna, Agallamh Beirte (B), Dara hÁit
Clíodhna Ní Neachtain & Clodagh Ní Neachtain, Scoil Sailearna Agallamh Beirte (C), Céad Áit
Max Schmidt & Tadhg Nesbitt, Scoil Sailearna, Agallamh Beirte (C), Tríú hÁit
Caoilte Canny & Ferdia Ó Braonáin, Na hAille/An Teach Mór Agallamh Beirte (D), Dara hÁit
Clíodhna Ní Neachtain & Laoise Ní Neachtain, An Chré Dhubh Lúibíní, Céad Áit
Cormac Ó Braonáin, An Teach Mór, Veidhlín, Dara hÁit
Déithín Ní Fhátharta & Damhnait Ní Fhátharta, Na hAille, Ceol Beirte (B), Dara hÁit
Becky Ní Éallaithe, Na hAille, Damhsa aonar ar an Sean-Nós, Dara hÁit

Buíochas le Maitiú Ó Coimín as ucht an liost seo a chur le chéile.

## Comhghairdeachas ó chroí le chuile dhuine a ghlac páirt!

# BISEACH 2022

Ó seoladh é le gairid ar an gclár Iris Aniar (RnaG), tá os cionn 500 cóip den iris BISEACH 2022 díolta sna siopaí i gCois Fharraige agus is beag cóip atá fágtha. Tá 96 leathanach san iris i mbliana le neart ábhar léitheoireachta, idir stair áitiúil, seanchas, tuairimíocht, cúrsaí reatha agus go leor leor grianghraf, idir sean agus nua. Cumann Forbartha Chois Fharraige a fhoilsíonn BISEACH go bliantúil, le cabhair deontais ó Roinn na Gaeltachta. Sé Lochlainn Ó Tuairisg a rinne eagarthóireacht ar an iris agus Clódóirí CL i gCasla a rinne an dearadh 's an chlódóireacht. Seo a leanas cuid den ábhar atá san iris i mbliana; Saol agus Saothar Christie Macken le Cormac Ó Comhraí, Cumann Gailf Chois Fharraige le Mártan Ó Ciardha chomh maith le Eoghan Ó Neachtain (1897 – 1957) le Máire Ní Neachtain, John Ford le Ciarán Ó Cualáin, Beti Uí Bhaoill (1937 – 2022) le Niamh Ní Bhaoill agus Muintir Dhonnchadha an Tí Mhóir leis an Ath Stiofán Ó Donnchadha. Chomh maith le siopaí i gCois Fharraige, tá BISEACH le fáil i Leitir Móir, i mBéal a' Daingin, Tigh Mháille i Ros Muc, An Siopa Beag ar an Teach Dóite agus ón gComharchumann i gCorr na Móna. I nGaillimh beidh an iris le ceannach i Siopa Leabhar Charlie Byrnes. Is féidir é a ordú chomh maith ó Chló Iar-Chonnacht, gan le déanamh ach glaoch ar Chló Iar-Chonnacht (091 593307) nó dul chuig an suíomh www.cic.ie.



# CRUINNIÚ CINN BLIANA: COMHARCHUMANN SHAILEARNA TEORANTA

Tionólfar Cruinniú Ginearálta Bliantúil scairshealbhóirí Chomharchumann Shailearna Teo. i Seanscoil Shailearna, ar an Luan 14 Samhain, 2022 ag 8.00 i.n. Is do scairshealbhóirí an Chomharchumainn - a bhfuil a gcuid scaireanna íoctha suas chun dáta acu - amháin an cruinniú seo.

Comharchumann Shailearna Teo

# RANGANNA ACLAÍOCHTA LE CHRISTINE COX

Tá ranganna aclaíochta á reáchtáil ag Christine Cox, sa Spidéal agus ar an Tulach. Cuirfear tús le cúrsa amháin i Halla Scoil Éinne sa Spidéal ar an Déardaoin 10ú Samhain - beidh rang ciorcad ar siúl @ 7i.n. agus rang pilates @ 8i.n. Mairfidh an cúrsa sé seachtaine. Chomh maith le sin, cuirfear tús le campa aclaíochta ar an Luan 14ú i Halla na Tulaigh @ 7i.n. agus leanfar é sin le rang pilates sa halla @ 8i.n. Le níos mó eolais a fháil faoi na ranganna is féidir teagmháil a dhéanamh le Christine ag 087 121 0277 Deis iontach a bheas ann dóibh siúd le suim acu i gcúrsaí aclaíochta le Gaeilge, nó daoine atá ag iarraidh cur lena gcuid Gaeilge ar bhealach taitneamhach agus fisiciúil!



## Ardchúrsa Gramadaí
## (12 Seachtainí)

le Séamas Ó Máirtín



**Ag tosú: 9 Samhain**

**Áit: Inis Fáil, An Spidéal**

**Am: 7:00i.n – 8:30i.n**




Costas €100

Leabhrán Oibre ar fáil.

Líon na
Spásanna Teoranta!!!

Clárú @ ocptchoisfharraige@gmail.com

COIS FHARRAIGE

fóram um pleanáil teanga



# POTA - AN CAIFÉ IS FEARR IN ÉIRINN!

**Comhghairdeachas ó chroí le Diarmuid Ó Mathúna, úinéir POTA Caifé, ar an Tulach, agus a fhoireann iontach. Ainmníodh POTA mar an 'gcafé' is Fearr in Éirinn ag na gradaim 'Food & Wine Ireland' le gairid. Bronnadh an gradam ar Dhiarmuid ag ócáid speisialta i mBaile Átha Cliath le linn na deireadh seachtaine.**




**Bíonn na hOifigigh Pleanála Teanga ag comhoibriú le Diarmuid agus a fhoireann go minic ar thograí éagsúla. Óstáladh taispeántas cócaireachta le linn Féile Chois Fharraige ag an gcaifé agus mar thoradh ar an tráthnóna iontach a bhí ag daoine ann, tá se beartaithe go dtiocfaidh POTA agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga le chéile arís le taispeántas cócaireachta na Nollag a reáchtáil. Beidh an taispeántas ar siúl sa chaifé agus beidh neart le foghlaim maidir le beatha na Nollag. Ar an 27 Samhain, ó 2-5i.n. a bheas an taispeántas. €15 ar thicéad, ar fáil ag POTA Caifé. Déan teagmháil le 083 010 6294 le breis eolais a fháil.**

